An Chomhairle Eorpach

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**EUCO 8/26**

**CO EUR 7**
**CONCL 2**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Cruinniú den Chomhairle Eorpach (18 agus 19 Meitheamh 2026) – Conclúidí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na Conclúidí a ghlac an Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú thuasluaite.

## I. AN ÚCRÁIN

1. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach le Volodymyr Zelenskyy, Uachtarán na hÚcráine.

2. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tacaíocht dhaingean leanúnach bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas Eorpach, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe a bhfuil an dearcadh céanna acu, de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a thabhairt don Úcráin agus do mhuintir na hÚcráine.

3. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tionóladh an Chomhdháil Idir-rialtasach maidir le haontachas na hÚcráine leis an Aontas Eorpach agus gur osclaíodh cnuasach na mbunphrionsabal an 15 Meitheamh 2026, agus is fada léi go n-osclófar na cnuasaigh eile, i gcomhréir leis an gcur chuige fiúntasbhunaithe.

4. Tacaíonn an tAontas Eorpach le síocháin chuimsitheach chóir mharthanach san Úcráin bunaithe ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta agus ráthaíochtaí láidre inchreidte slándála don Úcráin mar bhonn taca léi. Ní féidir síocháin chóir mharthanach a bhaint amach ach amháin le réiteach lena n-urramaítear neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine. Níor cheart teorainneacha a athrú le teann fornirt, ní féidir an t-ionsaitheoir a chúiteamh agus ní mór slándáil na hÚcráine agus a cumas í féin a chosaint a ráthú san fhadtéarma. Ní féidir conair na síochána san Úcráin a chinneadh in éagmais na hÚcráine. Is é an tAontas Eorpach a dhéanfaidh cinntí ar ábhair a bhaineann lena inniúlacht féin nó a mbíonn tionchar acu ar a shlándáil féin.

5. Tacaíonn an Chomhairle Eorpach le hiarrachtaí taidhleoireachta chun deireadh a chur le cogadh foghach na Rúise agus cuireann sí i bhfios go láidir go bhfuil an tAontas faoi réir chun dlús a chur lena rannpháirtíocht sa chomhthéacs sin, i gcomhréir le haidhm an Aontais an tsíocháin a chur chun cinn, mar a chumhdaítear sna Conarthaí. Tá ról lárnach ag an Eoraip i réiteach a bheidh ann amach anseo agus tá sí faoi réir chun a leasanna a chosaint. Ós rud é nár éirigh léi a cuspóirí míleata agus straitéiseacha a bhaint amach, tá dlús curtha ag an Rúis lena hionsaithe diúracán agus drón ar chathracha agus ar bhonneagar fuinnimh na hÚcráine. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an Rúis fíorthoilteanas a léiriú maidir leis an tsíocháin, teacht ar chomhaontú maidir le sos cogaidh iomlán, neamhchoinníollach, láithreach agus dul i mbun caibidlíocht fhóinteach chun síocháin chóir mharthanach a bhaint amach.

6. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir an géarú tromchúiseach a rinne an Rúis le déanaí, lena n-áirítear ionsaithe mórscála diúracán agus drón ar shibhialtaigh san Úcráin, na hionsaithe a rinneadh le déanaí ar láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO Kyiv-Pechersk Lavra, chomh maith leis an iompar atá ag éirí níos ionsaithí, níos meargánta agus níos mífhreagraí i leith Bhallstáit an Aontais, lena n-áirítear an ionramháil agus an cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus bagairtí ar láithreacht taidhleoireachta an Aontais san Úcráin. An teagmhas a tharla le déanaí nuair a thuairteáil drón Rúiseach a raibh pléascáin á n-iompar aige isteach i bhfoirgneamh cónaithe sa Rómáin chomh maith le teagmhais chomhchosúla i mBallstáit eile, is toradh díreach iad ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin agus cuireann siad slándáil shaoránaigh an Aontais agus an chobhsaíocht réigiúnach i mbaol. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na sáruithe leanúnacha ar aerspás agus uiscí teorann na mBallstát agus cuireann sí i bhfáth go bhfuil freagracht iomlán ar an Rúis as iarmhairtí a hiompraíochta atá ag dul in olcas agus as a gníomhaíochtaí míleata leanúnacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a tiomantas buanseasmhach do shlándáil na mBallstát uile.

7. Tá an tAontas Eorpach agus na Ballstáit faoi réir le rannchuidiú le ráthaíochtaí slándála láidre inchreidte don Úcráin, go háirithe trí Chomhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus i gcomhar leis na Stáit Aontaithe. Áireofar leis sin tacú le cumas na hÚcráine fogha a dhíspreagadh agus í féin a chosaint go héifeachtach, san fhadtéarma freisin, lena n-áirítear trí Mhisean Cúnaimh Mhíleata an Aontais Eorpaigh mar thaca leis an Úcráin (EUMAM Ukraine) agus trí Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh san Úcráin (EUAM Ukraine), chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'fhaireachán ar an sos comhraic trí Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh. Beidh rannchuidiú an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát bunaithe ar a n-inniúlachtaí agus a gcumais faoi seach agus i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta.

8. Cáineann an Chomhairle Eorpach an Rúis go láidir as bheith ag díriú go córasach agus d'aon ghnó ar bhonneagar sibhialtach agus fuinnimh na hÚcráine, agus iarrann sí go gcuirfí deireadh láithreach leis na gníomhaíochtaí míleata uile atá á ndéanamh gar do shaoráidí núicléacha na hÚcráine, ar bagairt thromchúiseach iad ar shábháilteacht agus ar shlándáil na saoráidí sin. Iarrann sí freisin go gcuirfí dlús le hiarrachtaí an Aontais, arna gcomhordú le hiarrachtaí na gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, tacú leis an Úcráin a bonneagar criticiúil agus a córas fuinnimh a dheisiú agus a atógáil agus a hathléimneacht a neartú mar ábhar práinne roimh an ngeimhreadh seo chugainn agus chun a áirithiú go ndéanfar áirse imshrianta Shiornóbail a athshlánú go tapa. Ag an am céanna, spreagann sé comhar réigiúnach fuinnimh agus idirnaisc leictreachais trasteorann feabhsaithe.

9. Tá an tAontas Eorpach tiomanta i gcónaí tacú le deisiú, téarnamh agus atógáil na hÚcráine, i gcomhar leis na comhpháirtithe idirnáisiúnta. Sa chomhthéacs sin, tá an Chomhairle Eorpach ag súil le Comhdháil Téarnaimh na hÚcráine an 25 agus an 26 Meitheamh 2026 in Gdansk.

10. Is fada leis an gComhairle Eorpach go ndéanfar [an chéad eisíocaíocht] leis an Úcráin ón iasacht EUR 90 billiún le haghaidh 2026 agus 2027 roimh dheireadh mhí an Mheithimh 2026. Iarrann sí ar na Ballstáit leanúint dá dtacaíocht dhéthaobhach don Úcráin agus cuireann sí i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go leanfadh an tAontas den fhor-rochtain chuig tríú tíortha chun tuilleadh tacaíocht idirnáisiúnta a áirithiú chun go gcabhrófaí an bhearna atá fós in airgeadas na hÚcráine a dhúnadh. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé go leanfaidh an Úcráin den smacht reachta a chaomhnú agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha athchóirithe atá á ndéanamh.

11. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé tuilleadh iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh chun tacaíocht mhíleata a thabhairt don Úcráin, lena n-áirítear tríd an Iasacht Tacaíochta don Úcráin, agus dlús a chur mar ábhar práinne le táirgeadh agus seachadadh trealaimh tosaíochta, go háirithe córais aerchosanta, armlón, drón agus diúracán, lena n-áirítear chun cabhrú leis an Úcráin a pobal sibhialta agus a bonneagar fuinnimh agus criticiúil a chosaint. Sa chomhthéacs sin, tá sé ríthábhachtach i gcónaí an comhar tionsclaíoch i réimse na cosanta idir an tAontas agus an Úcráin a fheabhsú a thuilleadh.

12. Agus tacaíocht mhíleata agus ráthaíochtaí slándála á dtabhairt don Úcráin, tabharfar lánurraim don bheartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirfear leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile san áireamh.

13. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach i gcónaí tuilleadh brú a chur ar an Rúis agus leanúint de gheilleagar cogaidh na Rúise a lagú ionas go gcuirfidh sí stop lena cogadh foghach brúidiúil agus go rachaidh sí i mbun caibidlíocht fhóinteach ionsar an tsíocháin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé ioncam fuinnimh na Rúise a laghdú a thuilleadh, teorainn a chur lena hoibríochtaí scáthchabhlaigh agus srianta breise a chur ar a córas baincéireachta. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur glacadh smachtbhannaí nua le déanaí, lena ndírítear go háirithe ar an scáthchabhlach, tar éis ghlacadh an 20ú pacáiste smachtbhannaí. Iarrann sí go nglacfaí an 21ú pacáiste smachtbhannaí gan mhoill. Chun an bonn a bhaint de shamhail ghnó scáthchabhlach na Rúise, tá gá le cur chuige agus comhordú an bhealaigh iomláin idir na Ballstáit agus le comhpháirtithe, lena n-áirítear cur chuige comhchoiteann chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí suntasacha comhshaoil, slándála agus sábháilteachta muirí a bhaineann leis na soithí sin. Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar a thábhachtaí atá sé leanúint den chomhordú leis na comhpháirtithe sa ghrúpa G7 agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn maidir leis na smachtbhannaí, agus a thábhachtaí atá sé forfheidhmiú na mbeart atá ann cheana a neartú agus easnaimh a dhúnadh, agus neart a chur arís eile leis na bearta chun teacht timpeall a chosc. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir nár cheart normalú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na Rúise in imeachtaí idirnáisiúnta spóirt agus cultúrtha fad is nach ann do shíocháin chóir mharthanach san Úcráin.

14. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar gach tír deireadh a chur láithreach le haon chúnamh atá á thabhairt acu don Rúis ina cogadh foghach ar an Úcráin, bíodh sé díreach nó indíreach, agus go háirithe trí earraí agus comhpháirteanna dé-úsáide a sholáthar. Go háirithe, cáineann sí go láidir imscaradh fhórsaí míleata DPDC sa chogadh ar an Úcráin chomh maith leis an tacaíocht mhíleata leanúnach a chuireann an Iaráin, an Bhealarúis agus DPDC ar fáil don Rúis, i measc tíortha eile.

15. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a hiarraidh phráinneach ar an Rúis agus ar an mBealarúis féachaint chuige go bhféadfaidh gach leanbh agus gach saoránach eile de chuid na hÚcráine a díbríodh agus a aistríodh go neamhdhleathach, go bhféadfaidh siad filleadh go sábháilte agus gan choinníoll ar an Úcráin. I ndáil leis an méid sin, is díol sásaimh di an gealltanas a tugadh ag cruinniú ardleibhéil na Comhghuaillíochta Idirnáisiúnta chun Leanaí na hÚcráine a thabhairt abhaile dlús a chur leis an ngníomhaíocht chun a áirithiú go bhfillfidh siad. Ní mór leanúint d'iarrachtaí fóirithinte daonnúla agus bearta eile forbartha muiníne, go háirithe malartú príosúnach cogaidh agus sibhialtaigh atá á gcoinneáil a fhilleadh, a bheith ina gcuid den chonair i dtreo na síochána.

16. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go bhfuil an tAontas Eorpach meáite ar chuntasacht iomlán a áirithiú i leith na gcoireanna cogaidh agus i leith na gcoireanna eile is tromchúisí dá bhfuil á ndéanamh i gcogadh foghach na Rúise ar an Úcráin. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur daingníodh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Coinbhinsiún lena mbunaítear Coimisiún Éileamh Idirnáisiúnta don Úcráin chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an mBinse Speisialta maidir le Coir an Fhogha faoin Úcráin. Molann sí go ndéanfaí tuilleadh iarrachtaí leanúnacha faoi chuimsiú Chomhairle na hEorpa chun an dá chomhlacht idirnáisiúnta sin a oibríochtú.

17. I bhfianaise na bagartha a d'fhéadfadh a bheith ann, lena n-áirítear san fhadtéarma, do shlándáil inmheánach an Aontais ó iarchomhraiceoirí Rúiseacha a ghlac páirt san fhogha faoin Úcráin agus aird á tabhairt ar an togra ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí sa chomhthéacs sin, molann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí tuilleadh obair theicniúil chun measúnú a dhéanamh ar na bealaí lenar féidir dul i ngleic leis an tsaincheist sin, gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát sa réimse sin.

18. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo ag an gcéad chruinniú eile a bheidh aici.

## II. AN MEÁNOIRTHEAR

***An Iaráin***

19. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an meabhrán tuisceana idir na Stáit Aontaithe agus an Iaráin, lena dtugtar deis cobhsaíocht réigiúnach a bhaint amach agus an tsaoirse loingseoireachta agus idirthurais shábháilte trí Chaolas Hormuz a athbhunú go hiomlán. Is díol sásaimh di na hiarrachtaí leanúnacha taidhleoireachta atá á ndéanamh d'fhonn teacht ar réiteach síochána agus leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé teacht ar réiteach fadtéarmach caibidlithe ar na saincheisteanna uile atá fós gan réiteach, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Molann sí an Phacastáin, Catar agus comhpháirtithe réigiúnacha eile as ucht a gcuid iarrachtaí idirghabhála. Leanfaidh an tAontas Eorpach den teagmháil, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe réigiúnacha, sna hiarrachtaí taidhleoireachta agus tá sé faoi réir chun tacú leis an gcomhaontú a chur chun feidhme.

20. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé an tsaoirse loingseoireachta agus an tslándáil mhuirí a urramú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí a d'fhógair na Ballstáit agus comhpháirtithe chun an tsaoirse loingseoireachta a áirithiú i gCaolas Hormuz, a luaithe a chomhlíonfar na coinníollacha. Níor cheart d'aon socrú a bhaineann le Caolas Hormuz teorainn a chur leis an tsaoirse loingseoireachta ná a rialachas a athrú ar aon bhealach.

21. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach ról oibríocht cosanta muirí an Aontais EUNAVFOR ASPIDES, leagann sí béim ar a hacmhainneacht rannchuidiú leis an réigiún a chobhsú, agus iarrann sí go ndéanfaí í a threisiú, i gcomhréir lena sainordú.

22. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach nach bhféadfaí a cheadú go deo don Iaráin arm núicléach a bheith aici. Tathantaíonn sí ar an Iaráin a cuid oibleagáidí i ndáil leis an gcoimirce núicléach a chomhlíonadh faoin gConradh maidir le Neamhleathadh Arm Núicléach agus dul i mbun comhar iomlán an athuair leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach. Iarrann sí freisin ar an Iaráin deireadh a chur leis na gníomhaíochtaí díchobhsaitheacha atá ar bun aici, lena n-áirítear a clár diúracán balaistíoch. I bhfianaise na bagartha atá ag dul i méid a bhaineann le seirbhísí faisnéise na hIaráine a bheith ag baint úsáid as líonraí coiriúla agus seachfhórsaí eile, athdhearbhaíonn an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit go bhfuil rún daingean acu oibriú i ndlúthchomhar le chéile chun gníomhaíochtaí naimhdeacha den sórt sin a chosc agus a chomhrac.

23. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar réimeas na hIaráine deireadh a chur leis an bhforéigean agus leis an gcos ar bolg ar a mhuintir féin. Iarrann sí go n-urramófaí cearta uilíocha an duine agus saoirsí bunúsacha mhuintir na hIaráine, lena n-áirítear an ceart a dtodhchaí féin a roghnú. I ndáil leis an méid sin, leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair ar bhearta sriantacha breise ina gcoinne siúd atá freagrach.

24. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair, lena n-áirítear le comhpháirtithe réigiúnacha agus domhanda, chun tionchar na géarchéime a mhaolú agus chun an leochaileacht dhomhanda i leith Chaolas Hormuz a laghdú, lena n-áirítear trí bhealaí soláthair fuinnimh a éagsúlú. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na tionscnaimh a mhol an Coimisiún chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí a bheidh ann don Aontas ó thaobh slándáil fuinnimh, praghsanna fuinnimh agus slabhraí soláthair domhanda de, lena n-áirítear an tslándáil bia agus iarrann sí ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé ullmhacht a áirithiú, lena n-áirítear maidir le sreabha imirce a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo, agus í ag obair le tíortha tionscnaimh agus idirthurais.

***Gaza/an Bruach Thiar***

25. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di an staid atá ag dul in olcas in Gaza agus ar an mBruach Thiar, lena n-áirítear an ghéarchéim dhaonnúil leanúnach thubaisteach in Gaza. Iarrann sí ar Iosrael rochtain láithreach gan bhac a cheadú don chabhair dhaonnúil agus don mhórdháileadh leanúnach ar theorainn isteach go Gaza agus ar fud Gaza, lena n-áirítear trí chonair mhuirí na Cipire sa bhreis ar na bealaí talún, agus a chur ar chumas na Náisiún Aontaithe agus a ngníomhaireachtaí, agus eagraíochtaí daonnúla, oibriú go neamhspleách agus go neamhchlaonta chun beatha daoine a shábháil agus an fhulaingt a laghdú. Iarrann sí freisin ar Iosrael pointí trasnuithe teorann Gaza a athoscailt, chomh maith leis an gconair leighis idir Gaza agus an Bruach Thiar, rochtain a cheadú do na meáin idirnáisiúnta, agus a chinneadh a aisiompú maidir le dlí clárúcháin na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha. Tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar Iosrael a oibleagáidí uile faoin dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta. Ní mór cosaint na sibhialtach a áirithiú i gcónaí.

26. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach tiomantas an Aontais Eorpaigh do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach atá bunaithe ar réiteach an dá stát i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (CSNA), lena bhfuil sé i gceist go mairfeadh an dá stát dhaonlathacha, Iosrael agus an Phalaistín, taobh le taobh, faoi shíocháin, laistigh de theorainneacha slána aitheanta. Aithníonn sé an ról tábhachtach atá ag an tsochaí shibhialta sna hiarrachtaí chun an tsíocháin a chothú agus chun an dúshraith a thógáil atá riachtanach do shíocháin chaibidlithe agus mharthanach idir Iosrael agus an Phalaistín agus sa chomhthéacs sin is díol sásaimh di an chomhdháil thiomnaithe a tionóladh i bPáras an 12 Meitheamh 2026.

27. Agus na conclúid a ghlac sí roimhe seo á meabhrú aici, cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis imní di an easpa dul chun cinn atá déanta ag na gníomhaithe uile maidir leis an sos comhraic agus gach foráil eile de Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Iarrann sí ar na gníomhaithe uile iad a chur chun feidhme go hiomlán, i gcomhréir leis na Rúin ábhartha ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le prionsabail idirnáisiúnta pholaitiúla agus dhlíthiúla. Iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí dí-armáil go buan i gcás Hamas agus grúpaí armtha neamhstáit eile, go dtarraingeofaí siar fórsaí Iosrael ina n-iomláine as Stráice Gaza agus go n-imscarfaí an fórsa sealadach 'an Fórsa Cobhsaíochta Idirnáisiúnta', mar a leagtar amach sa Phlean Cuimsitheach chun Deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza. Diúltaíonn an tAontas Eorpach go láidir don fhógra ó Iosrael go bhfuil sé de rún aige smacht a bheith aige ar 70 % de chríoch Gaza.

28. Cáineann an Chomhairle Eorpach an drochíde a tugadh do dhaoine a bhí á gcoinneáil, saoránaigh Eorpacha ina measc, tar éis Cabhlachán Global Sumud a urghabháil in uiscí idirnáisiúnta, chomh mhaith le hiompraíocht airí antoisceacha a ghríosaíonn agus a chuireann chun cinn sáruithe ar chearta an duine. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go leanfaidh an Chomhairle de bhearta a scrúdú i ndáil leis an méid sin.

29. Leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair ar chur chun feidhme an Phlean Chuimsithigh chun deireadh a chur le Coinbhleacht Gaza i gcomhréir le Rún 2803 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) agus trí Mhisean Póilíneachta an Aontais Eorpaigh do na Críocha Palaistíneacha (EUPOL COPPS), agus ar atógáil agus athfhorbairt Gaza, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt d'Údarás na Palaistíne, lena n-áirítear lena chlár oibre don athchóiriú, ionas gur féidir leis dul i gceannas go héifeachtach in Gaza arís ar bhealach slán. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar Iosrael an t-ioncam imréitigh ar fad atá á choinneáil siar a scaoileadh mar ábhar práinne agus na seirbhísí baincéireachta comhfhreagraí idir bainc Iosrael agus bainc na Palaistíne a leathnú, arb ioncam agus seirbhísí iad a bhfuil géarghá leo araon chun feidhmiú cuí Údarás na Palaistíne agus seachadadh seirbhísí riachtanacha don phobal a chinntiú. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur scaoileadh cistí Eorpacha le déanaí chuig Údarás na Palaistíne, lena n-áirítear trí shásra PEGASE.

30. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go gcáineann sí gníomhaíochtaí aontaobhacha Iosrael arb é is aidhm dóibh a láithreacht ar an mBruach Thiar a leathnú, lena n-áirítear Iarúsailéim Thoir, rud a dearbhaíodh a bheith neamhdhleathach sa tuairim chomhairleach ón gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta an 19 Iúil 2024. Tathantaíonn sí ar Rialtas Iosrael leathnú na lonnaíochtaí a aisiompú, lena n-áirítear i limistéar E1, lonnaíochtaí atá neamhdhleathach faoin dlí idirnáisiúnta, cloí lena oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta agus pobal Palaistíneach na gcríoch faoi fhorghabháil a chosaint, lena n-áirítear pobail Chríostaí agus mionlaigh eile, chomh maith lena áirithiú go gcaomhnófar agus go n-urramófar *status quo* ionaid naofa Iarúsailéim. Cuireann an Chomhairle Eorpach i bhfios go láidir nár cheart do ghnólachtaí tairiscint a dhéanamh ar chonarthaí foirgníochta le haghaidh E1 ná ar fhorbairtí lonnaíochta eile agus leagann sí béim ar na hiarmhairtí dlíthiúla agus na hiarmhairtí clú atá ann do ghnólachtaí atá rannpháirteach i dtógáil lonnaíochta, lena n-áirítear an baol go ndéanfar sáruithe tromchúiseacha ar an dlí idirnáisiúnta. Cáineann an Chomhairle Eorpach foréigean leanúnach agus méadaitheach na lonnaitheoirí i gcoinne sibhialtaigh Phalaistíneacha, iarrann sí go mbeadh cuntasacht ann agus is díol sásaimh di gur glacadh bearta sriantacha i gcoinne lonnaitheoirí antoisceacha agus eintitis agus eagraíochtaí a thacaíonn le foréigean lonnaitheoirí i gcoinne sibhialtaigh Phalaistíneacha. Is díol sásaimh di freisin gur glacadh bearta sriantacha breise i gcoinne Hamas. Cáineann an Chomhairle Eorpach Iosrael as dlí maidir le pionós an bháis a ghlacadh, dlí atá idirdhealaitheach, agus iarrann sí go ndéanfaí é a aisghairm láithreach. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún roghanna a chur i láthair roimh chruinniú na Comhairle an 13 Iúil 2026, i bhfianaise na staide atá ag dul in olcas a thuilleadh maidir leis na lonnaíochtaí neamhdhleathacha.

***An Liobáin***

31. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis mhór imní di na sáruithe leanúnacha ar an sos comhraic agus tathantaíonn sí ar na gníomhaithe uile an sos comhraic a chur chun feidhme ina iomláine, páirt chuiditheach a ghlacadh sna cainteanna leanúnacha, tuilleadh taismigh shibhialtacha agus easáitithe a chosc agus teacht ar réiteach polaitiúil marthanach lena n-áiritheofar síocháin agus slándáil don Liobáin agus d'Iosrael araon. Tá an tAontas Eorpach faoi réir chun tacú le comhaontú idir an Liobáin agus Iosrael a chur chun feidhme. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí deireadh buan leis an gcogaíocht, go gcosnófaí sibhialtaigh agus bonneagar sibhialtach, agus go n-urramófaí an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí daonnúil idirnáisiúnta.

32. Cáineann an Chomhairle Eorpach go láidir na hionsaithe a rinne Hezbollah ar Iosrael agus ar an bpobal sibhialta i dtuaisceart Iosrael agus iarrann sí go ndéanfaí Hezbolladh a dhí-armáil go hiomlán. Iarrann sí ar Iosrael ceannasacht agus iomláine chríochach na Liobáine a urramú agus a fhórsaí a tharraingt siar ón Liobáin, i gcomhréir le Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Iosrael gan géarú breise a dhéanamh. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh chun sábháilteacht mhuintir na Liobáine a áirithiú agus le ceannasacht agus iomláine chríochach na Liobáine. Athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn an tAontas go hiomlán le hiarrachtaí Rialtas na Liobáine institiúidí na tíre a neartú, lena n-áirítear Fórsaí Armtha na Liobáine d'fhonn smacht a fháil ar chríoch iomlán na Liobáine agus monaplacht an Stáit a bhunú ó thaobh sealbhú arm de. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht a thabhairt d'Fhórsaí Armtha na Liobáine, lena n-áirítear trí mhisean CBSC a d'fhéadfadh a bheith ann agus trí thacaíocht leanúnach threisithe faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Leanfaidh an tAontas Eorpach de thacaíocht leanúnach a chur ar fáil san fhadtéarma, i ndlúthchomhar le comhpháirtithe idirnáisiúnta.

33. Tá rún daingean ag an Aontas Eorpach i gcónaí cabhair éigeandála a chur ar fáil don bhreis is milliún duine easáitithe, sa bhreis ar an EUR 100 milliún de chabhair dhaonnúil a slógadh tar éis thionscnamh na cogaíochta agus ar na hoibríochtaí aerdhroichid dhaonnúil arna gcomhordú le comhpháirtithe réigiúnacha.

34. Iarrann an Chomhairle Eorpach an athuair ar na páirtithe uile Rún 1701 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme go hiomlán. Athdhearbhaíonn sí go gcáineann sí na hionsaithe doghlactha a rinneadh ar fhoireann UNIFIL agus iarrann sí go ndéanfaí imscrúdú cuimsitheach orthu. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach a thábhachtaí atá sé go leanfadh na Náisiúin Aontaithe de láithreacht a bheith acu sa Liobáin tar éis do UNIFIL imeacht, agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil an tAontas faoi réir chun rannchuidiú leis an méid sin in 2027.

## III. AN CHÉAD CHREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL EILE

35. Ag eascairt as an obair a rinne Uachtaránacht na Cipire agus as cur i láthair an bhosca caibidlíochta a raibh figiúirí ag gabháil leis, bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle Eorpach maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo.

36. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar Uachtaránacht na hÉireann an obair maidir leis an mbosca caibidlíochta a thabhairt chun cinn faoi Chomhairle Eorpach mhí Dheireadh Fómhair, d'fhonn teacht ar chomhaontú tráthúil. Dá dtiocfaí ar chomhaontú roimh dheireadh 2026, d'fhéadfaí gníomhartha reachtacha a ghlacadh in 2027, rud atá riachtanach chun a áirithiú go mbainfidh an cistiú ón Aontas na tairbhithe amach i mí Eanáir 2028, gan aon bhearna a bheith ann.

## IV. IOMAÍOCHAS AGUS DÚSHLÁIN EACNAMAÍOCHA DHOMHANDA

37. Agus cúrsaí geopholaitiúla chomh dúshlánach is atá, phléigh an Chomhairle Eorpach na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh chun iomaíochas agus uathriail straitéiseach an Aontais a neartú, athléimneacht agus slándáil eacnamaíoch a mhéadú, nuálaíocht theicneolaíoch a chur chun cinn, rathúnas agus samhail shóisialta na hEorpa a chothú agus caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú.

38. Agus na cuspóirí agus na hamlínte a leag an Chomhairle Eorpach amach i mí an Mhárta 2026 á meabhrú aici, rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar an dul chun cinn atá déanta maidir le clár oibre 'Aon Eoraip Amháin, Aon Mhargadh Amháin' agus maidir lena chur chun feidhme i gcomhréir leis an treochlár idirinstitiúideach. Leagann sí béim ar a phráinní atá sé go ndéanfaí dul chun cinn cinntitheach maidir leis an méid seo a leanas: an margadh aonair, na hualaí riaracháin a shimpliú agus a laghdú, lena n-áirítear tionscnaimh bhreise chun nósanna imeachta pleanála agus ceadúcháin a luathú, praghsanna inacmhainne fuinnimh agus an tAontas Fuinnimh 2030, athnuachan thionsclaíoch na hEorpa agus nuálaíocht a chothú agus spleáchais a laghdú, agus infheistíocht a shlógadh, i gcomhréir leis na sprioc-amanna a comhaontaíodh. Sa chomhthéacs sin, meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur gá dlús a chur leis an obair chun praghsanna fuinnimh a ísliú, ar an aistriú glan agus ar an dícharbónú, agus neodracht theicneolaíoch á cur san áireamh, agus ar ár n-athléimneacht a neartú. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún togra nithiúil a chur chun cinn faoi lár mhí Iúil 2026 maidir leis an athbhreithniú ar chóras CTA, agus lamháltais saor in aisce curtha san áireamh ann, i gcomhréir leis an litir ó Uachtarán an Choimisiúin i mí an Mhárta 2026, agus, ag an am céanna, togra ar leith a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní a chuir roinnt earnálacha tionsclaíocha in iúl maidir le tagarmharcanna CTA, agus ról ríthábhachtach CTA san aistriú aeráide agus fuinnimh á chaomhnú ag an am céanna.

39. Bhí díospóireacht straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir le saincheist na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha domhanda.

40. Coinneoidh an Chomhairle Eorpach an clár oibre iomaíochais faoi bhreithniú agus fillfidh sí air ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2026.

## V. <u>COSAINT AGUS SLÁNDÁIL NA hEORPA</u>

41. I bhfianaise na mbagairtí agus na ndúshlán tromchúiseach slándála agus ós rud é go bhfuil cogadh foghach na Rúise ar an Úcráin fós ina dhúshlán eiseach don Aontas Eorpach, ní mór dlús cinntitheach a chur le hullmhacht cosanta na hEorpa faoi 2030. Ag tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le déanaí, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí, le práinn athnuaite, chun an cuspóir sin a bhaint amach ar luas agus ar an mórchóir, spleáchais straitéiseacha a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar bhearnaí criticiúla cumais, le cur chuige 360°.

42. Tar éis na sáruithe leanúnacha ar aerspás na mBallstát, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé cosaint theorainneacha talún, aeir agus muirí uile an Aontais a áirithiú. Go háirithe, cáineann an tAontas Eorpach go láidir an teagmhas tromchúiseach a tharla an 29 Bealtaine 2026 inar thuairteáil drón Rúiseach a raibh pléascáin á n-iompar aige isteach i bhfoirgneamh cónaithe sa Rómáin, agus aithníonn sé na bagairtí láithreacha ar theorainn Thoir an Aontais. Cuireann an tAontas Eorpach in iúl a dhlúthpháirtíocht iomlán leis an Rómáin agus le gach Ballstát atá thíos le teagmhais chomhchosúla. Ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis na hiarrachtaí chun an chosaint ar na bagairtí sin a neartú, lena n-áirítear an obair leanúnach ar an tionscadal 'Faireachán ar an gCliathán Thoir' agus ar thionscnaimh eile a rannchuideoidh le teorainneacha uile an Aontais a chosaint.

43. Cáineann an Chomhairle Eorpach freisin gach ionsaí hibrideach a rinneadh le déanaí ar an Aontas Eorpach agus a Bhallstáit. I bhfianaise na bhfeachtas hibrideach leanúnach de chuid gníomhaithe naimhdeacha, go háirithe an Rúis agus an Bhealarúis, iarrann an Chomhairle Eorpach go ndéanfaí iarrachtaí breise a bhfuil práinn leo chun an athléimneacht a neartú, an ullmhacht a fheabhsú, bonneagar criticiúil a chosaint, agus ionsaithe hibrideacha a chosc, a dhíspreagadh agus a fhreagairt. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh di an obair a rinneadh sa Chomhairle ar an bPlean Gníomhaíochta um Shlándáil Dróin agus Slándáil Frithdhrón, lena rannchuidítear leis na cuspóirí sin agus lena gcomhlántar na hiarrachtaí leanúnacha atá ar siúl i réimse na cosanta.

44. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach go gcuirfear le slándáil an domhain agus leis an tslándáil thrasatlantach, agus go gcomhlánófar ECAT, arb é bunchloch a gcosanta comhchoitinne i gcónaí é ag na Stáit sin atá ina gcomhaltaí de, ach Aontas Eorpach níos láidre agus níos cumasaí a bheith ann i réimse na slándála agus na cosanta. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé oibriú i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis an Aontas agus a bhfuil a spriocanna beartais eachtraigh agus slándála ar aon dul le cinn an Aontais.

45. Agus na conclúidí a ghlac sí roimhe seo á meabhrú aici, déanann an Chomhairle Eorpach an méid seo a leanas:

(a) dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di an méadú suntasach leanúnach ar chaiteachas cosanta sna Ballstáit, ar gá iarrachtaí treisithe a bheith ag gabháil leis chun infheistíocht níos fearr agus níos tapúla a dhéanamh le chéile;

(b) dearbhaíonn sí gur díol sásaimh di an dul chun cinn atá déanta i ngach réimse cumais tosaíochta, a sainaithníodh ar leibhéal an Aontais i gcomhréir iomlán le ECAT, agus go háirithe maidir le tionscadail i réimse na gcóras drón agus na gcóras frithdhrón; cumais luathrabhaidh, aerchosanta agus cumais cruinnionsaithe dhomhain; mar aon le sócmhainní agus seirbhísí spáis. Iarrann sí ar na Ballstáit dlús daingean a chur leis an obair sna comhghuaillíochtaí cumais uile. Iarrann sí ar an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit chun na sraitheanna éagsúla oibre maidir le cumais a chomhordú;

(c) athdhearbhaíonn sí a phráinní atá sé bonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta Eorpaí a neartú ionas gur féidir leis an trealamh is gá a sholáthar ar an luas agus an scála is gá, lena n-áirítear an trealamh tosaíochta chun tacú leis an Úcráin. Tá gá le tuilleadh iarrachtaí ar gach leibhéal chun acmhainneachtaí táirgeachta a oiriúnú agus a mhéadú agus chun an claochlú tionsclaíoch i réimse na cosanta is gá a dhéanamh, tríd an taighde, teicneolaíochtaí nua agus an nuálaíocht, chun cuspóir na hullmhachta cosanta a bhaint amach. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar na Ballstáit a rannpháirtíocht leis an tionscal cosanta a neartú chun na críche sin agus, go háirithe, dlúth-ailíniú a áirithiú idir an cumas agus na gnéithe tionsclaíocha in obair na gcomhghuaillíochtaí cumais, le tacaíocht ó GEC agus, a mhéid a bhaineann leis an ngné thionsclaíoch, ón gCoimisiún;

(d) athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá dea-fheidhmiú agus comhtháthú breise mhargadh cosanta na hEorpa ar fud an Aontais, lena n-áirítear rochtain trasteorann laistigh den Aontas ar shlabhraí soláthair cosanta, go háirithe do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe. Meabhraítear don Chomhairle Eorpach gur faoi gach Ballstát atá sé cinneadh a dhéanamh onnmhairiú táirgí a bhaineann le cosaint a údarú nó diúltú dó;

(e) leagann sí béim ar a riachtanaí atá sé don Eoraip leanúint de cheachtanna a fhoghlaim ó thaithí na hÚcráine le teicneolaíochtaí nua, iad a chur i bhfeidhm i bpróisis nuálaíochta agus forbartha cumais, agus oibriú le tionscal na hÚcráine, lena n-áirítear na comhghuaillíochtaí cumais. Is díol sásaimh di na tionscnaimh a rinneadh le déanaí i ndáil leis an méid sin;

(f) iarrann sí ar an gCoimisiún, ar an gComhairle agus ar na Ballstáit leas iomlán a bhaint as na hionstraimí atá ar fáil maidir le forbairt cumais chomh maith le hathneartú tionsclaíoch, agus na céimeanna breise is gá a thabhairt chun Ionstraim SAFE agus an Clár um an Tionscal Cosanta Eorpach (EDIP) a chur chun feidhme mar ábhar práinne. I ndáil leis an méid sin, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé bailchríoch a chur go pras ar an obair ar na tionscadail Eorpacha leasa choitinn i réimse na cosanta, lena gcuirfear le hullmhacht cosanta na mBallstát uile;

(g) is díol sásaimh di an comhaontú polaitiúil maidir leis an Omnibus um Ullmhacht Cosanta agus iarrann sí ar na comhreachtóirí teacht ar chomhaontú faoi dheireadh 2026 maidir leis an méid seo a leanas:

   (i) an Clár um nuálaíocht shofhreagrach mhear i réimse na cosanta; agus

   (ii) an togra maidir leis an tsoghluaisteacht mhíleata;

(h) Is fada léi go mbeidh na tograí breise ann a d'fhógair an Coimisiún maidir le soláthar cosanta agus soláthar slándála íogair;

(i) is díol sásaimh di na chéad chéimeanna a tugadh faoi chuimsiú GEC chun an tacaíocht a thugtar do na Ballstáit a neartú i réimse na nuálaíochta, réimse na forbartha cumais, lena n-áirítear trí na ceanglais a chomhchuibhiú agus tríd an éileamh a chomhiomlánú, agus i réimse an tsoláthair chomhoibríoch. Iarrann sí ar GEC agus ar na Ballstáit leanúint den obair sin go pras;

(j) iarrann sí ar an mBanc Eorpach Infheistíochta leanúint de thacaíocht a thabhairt don ullmhacht cosanta, go háirithe trí thionscal cosanta na hEorpa a neartú, lena n-áirítear trí infheistíocht phríobháideach a phlódú isteach.

46. Tá an méid sin thuas gan dochar do chineál sonrach na mbeartas slándála agus cosanta atá ag Ballstáit áirithe agus cuirtear san áireamh leis, i gcomhréir leis na Conarthaí, leasanna slándála agus cosanta na mBallstát uile.

47. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar na saincheisteanna sin i mí Dheireadh Fómhair 2026, lena n-áirítear ar bhonn na tuarascála bliantúla ar an ullmhacht cosanta, a ullmhóidh GEC le tacaíocht ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí.

## VI. AN IMIRCE

48. Rinne an Chomhairle Eorpach a marana ar an dul chun cinn atá déanta leis an gclár oibre reachtach agus le cur chun feidhme na gconclúidí a ghlac sí roimhe seo. I bhfianaise na litreach a sheol Uachtarán an Choimisiúin le déanaí, iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí dlús leis an obair ar gach snáithe, lena n-áirítear maidir leis an ngné sheachtrach agus comhpháirtíochtaí cuimsitheacha, i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí idirnáisiúnta.

49. Beidh plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an imirce ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2026.

## VII. DRUGAÍ AINDLEATHACHA

50. Chun freagairt ar na dúshláin mhéadaitheacha sláinte, shóisialta agus slándála a bhaineann le húsáid agus gáinneáil drugaí aindleathacha, leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar gach gné d'fheiniméan na ndrugaí i gcur chuige cuimsitheach, uile-rialtais agus uile-shochaí bunaithe ar fhianaise, le hiarracht chomhordaithe ar an leibhéal áitiúil, réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Áirítear leis sin ullmhacht a fheabhsú, an tsláinte phoiblí a chosaint, an tslándáil a neartú, dochar a bhaineann le drugaí a chosc, agus comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh chomhair Eorpacha agus idirnáisiúnta a chothú, mar shampla, an Chomhghuaillíocht Eorpach i gcoinne Drugaí, chomh maith leis an gcomhar i bhforfheidhmiú an dlí le tríú tíortha. Leagann an Chomhairle Eorpach béim ar a ríthábhachtaí atá an cosc, an rochtain ar chóireáil agus beartais maidir le hathimeascadh sa tsochaí. Leagann sí béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh creat maidir le slándáil agus athléimneacht mhuirí agus slándáil agus athléimneacht na gcalafort ann, ar creat é a bheidh comhchuibhithe ar fud an domhain agus a fhorfheidhmeofar go héifeachtach agus iarrann sí go ndéanfaí gníomhaíocht chomhleanúnach i leith tríú tíortha a bhfuil gáinneálaithe drugaí á n-óstáil acu agus nach gcomhlíonann a n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire rún an Choimisiúin agus an Ardionadaí togra a thíolacadh le haghaidh córas nua cothrománach smachtbhannaí lena ndíreofar ar ghrúpaí coireachta eagraithe trasnáisiúnta. Leis an gcóras sin, níor cheart dochar a dhéanamh d'fhorfheidhmiú an dlí, do nósanna imeachta breithiúnacha ná don chomhar breithiúnach.

51. Iarrann an Chomhairle Eorpach go gcuirfí Straitéis Drugaí an Aontais Eorpaigh chun feidhme go héifeachtach, i gcomhréir leis an gcreat cur chun feidhme arna chomhaontú ag an gComhairle. Chuige sin, tathantaíonn an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle, ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais an comhordú a neartú sna réimsí beartais ábhartha uile.

52. Fillfidh an Chomhairle Eorpach ar an ábhar seo de réir mar is iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn.

## VIII. MÉADÚ AGUS ATHCHÓIRITHE

53. I bhfianaise an fhuinnimh nua i bpróiseas an mhéadaithe, agus ag meabhrú di Dearbhú Granada, beidh plé straitéiseach ag an gComhairle Eorpach maidir leis an méadú agus athchóirithe ag an gcruinniú a bheidh aici i mí Dheireadh Fómhair 2026.

## IX. POBLACHT NA MOLDÓIVE

54. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tionóladh an Chomhdháil Idir-rialtasach maidir le haontachas Phoblacht na Moldóive leis an Aontas Eorpach agus gur osclaíodh cnuasach na mbunphrionsabal an 15 Meitheamh 2026, agus is fada léi go n-osclófar na cnuasaigh eile, i gcomhréir leis an gcur chuige fiúntasbhunaithe. Tá an Chomhairle Eorpach ag súil leis an gCruinniú Mullaigh idir an tAontas agus Poblacht na Moldóive a thionólfar an 22 Meitheamh 2026.

## X. NA BALCÁIN THIAR

55. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach gur tionóladh an Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar in Tivat, Montainéagró an 5 Meitheamh 2026, rud a thug spreagadh nua do phróiseas an mhéadaithe. Agus na conclúidí a ghlac sí roimhe seo á meabhrú aici, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go leanfaidh an tAontas Eorpach de bheith ag obair go dlúth leis na Balcáin Thiar agus de bheith ag tacú lena n-iarrachtaí athchóiriúcháin agus iad ar a gconair i dtreo aontachas leis an Aontas. Leanann an Chomhairle Eorpach dá thiomantas an comhtháthú forásach idir an tAontas Eorpach agus an réigiún a chur chun cinn le linn phróiseas an mhéadaithe féin ar bhealach inchúlaithe fiúntasbhunaithe.

## XI. MÍREANNA EILE

***Ebola***

56. Cuireann an Chomhairle Eorpach in iúl gur cúis imní di go bhfuil galar víris Ebola ag leathadh i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó agus in Uganda. Is díol sásaimh di gur scaoil an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus comhpháirtithe idirnáisiúnta agus Eorpacha eile cistí éigeandála go pras, rud a d'fhág go rabhthas in ann freagairt láithreach a thabhairt, freagairt lena n-áirítear faireachas eipidéimeolaíochta, rianú teagmhálaithe, ullmhacht cliniciúil agus méadú ar acmhainneacht saotharlainne. Mar a tharla i ráigeanna roimhe seo, tá cúnaimh airgeadais agus lóistíochta curtha i ngníomh ag an Aontas chun tacú leis an obair a dhéanann EDS, Lárionaid Afracacha um Ghalair a Rialú agus a Chosc agus freagróirí túslíne daonnúla agus sláinte maidir le bearta práinneacha imshrianta agus freagartha a chomhordú agus a chur i gcrích.

57. Iarrann an Chomhairle Eorpach ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar an staid mar atá agus ar fhorbairt na staide sin, agus, de réir mar is iomchuí, na tosaíochtaí oibríochtúla gaolmhara a shainiú agus a chomhordú.

58. Leis na géarchéimeanna sláinte a bhí ann le déanaí, lena n-áirítear géarchéim hantaivíreas, leagtar béim ar a thábhachtaí atá rialachas láidir domhanda sláinte agus freagairtí comhordaithe, lena n-áirítear tríd an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Leagann an Chomhairle Eorpach béim freisin ar an mbreisluach a bhaineann le hionstraimí comhordúcháin de chuid an Aontais. Tacaíonn an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit le EDS a shainordú a chomhlíonadh maidir le cosc, ullmhacht agus freagairt éigeandála a neartú ar fud an domhain.

***An Airméin***

59. Molann an Chomhairle Eorpach údaráis na hAirméine as sláine an phróisis toghcháin a chosaint go héifeachtach i gcomhréir le caighdeáin dhaonlathacha. I ndáil leis an méid sin, cáineann sí iarrachtaí leanúnacha na Rúise an bonn a bhaint d'institiúidí daonlathacha agus den chomhtháthú sochaíoch san Airméin trí chomhéigean eacnamaíoch, brú, an ionramháil agus an cur isteach ar fhaisnéis agus gníomhaíochtaí hibrideacha leanúnacha. Athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach a thiomanta atá an tAontas Eorpach a chomhpháirtíocht leis an Airméin a neartú agus tacú le ceannasacht, athléimneacht, institiúidí daonlathacha, geilleagar agus clár oibre cuimsitheach athchóirithe na tíre sin. Is díol sásaimh don Chomhairle Eorpach an chéad Chruinniú Mullaigh riamh idir an tAontas agus an Airméin a tionóladh in Eireaván an 5 Bealtaine 2026, agus síniú na Comhpháirtíochta Nascachta idir an tAontas agus an Airméin. Infheistíocht sa tsíocháin, sa chobhsaíocht agus sa rathúnas i gCugas Theas agus níos faide i gcéin is ea doimhniú an chaidrimh dhéthaobhaigh idir an tAontas agus an Airméin.

***Seasamh leis an dlí idirnáisiúnta***

60. Agus na conclúidí a ghlac sí i mí an Mhárta 2026 á meabhrú aici, athdhearbhaíonn an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn an tAontas Eorpach leis na hinstitiúidí a sheasann leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear trí chúirteanna idirnáisiúnta agus na hoifigigh a oibríonn iontu a chosaint go héifeachtach ar aon bhagairtí nó smachtbhannaí, agus i ndáil leis an méid sin, leagann sí béim ar a thábhachtaí atá rochtain gan bhac ar sheirbhísí airgeadais agus ar sheirbhísí eile.

***Oileáin agus pobail chósta***

61. Tugann an Chomhairle Eorpach dá haire na Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le 'Straitéis an Aontais do na hOileáin' agus maidir le 'straitéis an Aontais maidir le pobail chósta athléimneacha, rathúla agus ináitrithe'.

***An Seimeastar Eorpach***

62. Phléigh an Chomhairle Eorpach na moltaí tírshonracha comhtháite ar bhonn nóta cothrománach, rud a d'fhág go mbeifear in ann clabhsúr a chur ar Sheimeastar Eorpach 2026.